Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15411/25**

**FISC 314**
**ECOFIN 1517**
**DELACT 172**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Samhain 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 7541 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 12.11.2025 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636 a mhéid a bhaineann le sonraí na ndoiciméad arna malartú i gcomhthéacs gluaiseachta earraí máil |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 7541 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 7541 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.11.2025
C(2025) 7541 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12.11.2025**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636 a mhéid a bhaineann le sonraí na ndoiciméad arna malartú i gcomhthéacs gluaiseachta earraí máil**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019, bunaítear na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil.

Le Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle, cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena mbunaítear struchtúr agus inneachar na ndoiciméad riaracháin leictreonach a mhalartaítear tríd an gcóras ríomhairithe chun críocha Airteagail 20 go 25.

De bhun Threoir (AE) 2020/262, rinneadh modhnú ar an gcóras ríomhairithe chun go gcuimseofaí leis gluaiseacht earraí máil a onnmhairítear lasmuigh den Aontas agus gluaiseacht earraí máil a scaoileadh lena dtomhailt i gcríoch Ballstáit amháin agus a ghluaistear go críoch Ballstáit eile chun iad a sheachadadh ansin chun críoch tráchtála. Tar éis na n-athruithe sin, tá eilimintí sonraí áirithe de na doiciméid riaracháin imithe i léig anois nó ba ghá modhnú a dhéanamh orthu. Tiocfaidh na modhnuithe sin i bhfeidhm i mí Feabhra 2026. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636 a leasú dá réir sin chun na hathruithe ar struchtúr agus inneachar na ndoiciméad riaracháin a leagan síos.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Sula nglaca sé gníomh tarmligthe, téann an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát sa Ghrúpa Saineolaithe um Cháin Indíreach, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

Phléigh an Coimisiún an dréachtrialachán tarmligthe le saineolaithe a d'ainmnigh na Ballstáit ag cruinniú den Ghrúpa Saineolaithe um Cháin Indíreach, cruinnithe a tionóladh i mí Mheán Fómhair 2025, agus chuir sé san áireamh na tuairimí agus na seasaimh a cuireadh in iúl le linn an chomhairliúcháin.

Bailíodh aiseolas ó na Ballstáit ar an dréacht-Rialachán Tarmligthe ar feadh trí seachtaine (31/7/2025 – 27/8/2025) agus rinneadh na barúlacha a fuarthas le linn na tréimhse sin a chomhtháthú sa téacs deiridh.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Bunaítear leis an nGníomh Tarmligthe struchtúr agus inneachar na ndoiciméad riaracháin leictreonach a mhalartaítear tríd an gcóras ríomhairithe agus dá dtagraítear in Airteagail 20 go 25 agus in Airteagail 36 agus 37 de Threoir (AE) 2020/262 ón gComhairle.

Chun a ndóthain ama a thabhairt do na Ballstáit ullmhú le haghaidh na n-athruithe sin, agus dáta cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a ailíniú leis an dáta a bheidh an leagan den chóras ríomhairithe dá dtagraítear i gCinneadh (AE) 2020/263 oibríochtúil, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 12 Feabhra 2026.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12.11.2025**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636 a mhéid a bhaineann le sonraí na ndoiciméad arna malartú i gcomhthéacs gluaiseachta earraí máil**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leagtar síos socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil[1], agus go háirithe Airteagal 29(1) agus Airteagal 43(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Faoi Threoir (AE) 2020/262, tá an Coimisiún le struchtúr agus inneachar doiciméad riaracháin a mhalartaítear tríd an gcóras ríomhairithe dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2020/263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] ('an córas ríomhairithe') a bhunú.

(2) Leagtar síos struchtúr agus inneachar na ndoiciméad sin in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636[3] chun a áirithiú go gcuirfear na foirmiúlachtaí is gá i gcrích go haonfhoirmeach agus go n-éascófaí an mhaoirseacht ar ghluaiseachtaí earraí máil.

(3) De bhun Threoir (AE) 2020/262, rinneadh modhnú ar an gcóras ríomhairithe chun go gcuimseofaí leis gluaiseacht earraí máil a onnmhairítear lasmuigh den Aontas agus gluaiseacht earraí máil a scaoileadh lena dtomhailt i gcríoch Ballstáit amháin agus a ghluaistear go críoch Ballstáit eile chun iad a sheachadadh ansin chun críoch tráchtála. Tar éis na n-athruithe sin, tá eilimintí sonraí áirithe de na doiciméid riaracháin imithe i léig anois nó ba ghá modhnú a dhéanamh orthu. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras ríomhairithe chun aon neamhréir a braitheadh a cheartú.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636 a leasú dá réir sin chun na hathruithe ar struchtúr agus inneachar na ndoiciméad riaracháin a leagan síos.

(5) Chun a ndóthain ama a thabhairt do na Ballstáit ullmhú le haghaidh na n-athruithe sin, agus dáta cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a ailíniú leis an dáta a bheidh an leagan den chóras ríomhairithe dá dtagraítear i gCinneadh (AE) 2020/263 oibríochtúil, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 12 Feabhra 2026,

---

1 IO L 58, 27.2.2020, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2020/262/oj.

2 Cinneadh (AE) 2020/263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2020 maidir le ríomhairiú gluaiseachta agus faireacháin earraí máil (IO L 58, 27.2.2020, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/263/oj).

3 Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636 ón gCoimisiún an 5 Iúil 2022 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle trí struchtúr agus inneachar na ndoiciméad arna malartú i gcomhthéacs gluaiseachta earraí máil a bhunú, agus trí thairseach do na caillteanais i ngeall ar chineál na n-earraí a bhunú (IO L 247, 23.9.2022, lch. 2, http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/1636/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 12 Feabhra 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12.11.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*